Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 34

# Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 34, ceanglaítear orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, lena n-áirítear deontais d'údaráis áitiúla, deontais agus costais eile i ndáil le tithíocht, seirbhísí uisce, scéimeanna ilghnéitheacha, fóirdheontais, deontais agus deontais áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta a íoc.

Cuirtear an t-olltoradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

- a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2023, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair caiteachais don bhliain, agus
- a cuireadh ar fáil do sheirbhísí soláthair caipitil in 2023 as leithreasuithe 2022 nár caitheadh, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Dlitear barrachas €14.254 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is codanna den chuntas iad an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais agus nótaí 1 go 7.

### *Feidhmeanna a aistriú*

Aistríodh maoiniú an Choimisiúin Toghcháin, a bhí faoi chlár Rialtais Áitiúil fotheidil C.5 i Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht, chuig an gCoimisiún Toghcháin Vóta 23 nuabhunaithe le héifeacht ón 9 Feabhra 2023 faoi IR Uimh. 31 d'Ordú 2023 (an Lá Bunaithe) an Achta um Athchóiriú Toghcháin, 2022.

Aistríodh Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, a bhí maoinithe faoin gclár Pleanála fotheidil D.11 i Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht chuig Tailte Éireann (Vóta 16) le héifeacht ón 1 Márta 2023 faoi IR 66 d'Ordú an Achta um Thailte Éireann (An Lá Bunaithe).

## Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2023, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas mar seo a leanas.

### *Luacháil sócmhainní*

Tá úinéireacht sé pháirc náisiúnta dílsithe don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Is iad páirceanna náisiúnta Bhoirne, Chonamara, Ghleann Bheatha, Chill Airne, Shléibhte Chill Mhantáin agus Néifinne Fiáine.

Ní dhearnadh talamh ná foirgnimh atá suite laistigh de na páirceanna náisiúnta a luacháil, agus ní léirítear iad sa ráiteas maidir le sócmhainní seasta. Cuirtear sócmhainní eile atá suite sna páirceanna, amhail trealamh agus feithiclí, san áireamh sa ráiteas maidir le sócmhainní seasta.

Rinneadh sóchmhainní oidhreachta a luacháil gan costas mar gheall nach féidir luach leordhóthanach i dtéarmaí airgeadais a thabhairt orthu.

***Dímheas***

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar sócmhainní eile a dhímheas go míosúil ar bhonn líne dhíreach thar a saolré úsáideach measta ag tosú sa mhí ar cuireadh an tsócmhainn i seirbhís ar an mbonn seo a leanas

- foirgnimh 5% in aghaidh na bliana
- mótarfheithiclí 20% in aghaidh na bliana
- gléasra agus innealra 10% in aghaidh na bliana
- trealamh radair 6.66% in aghaidh na bliana
- ceadúnais bogearraí 20% in aghaidh na bliana
- bogearraí a fhaightear/a fhorbraítear 10% in aghaidh na bliana.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil leis an bpárolla agus le hacmhainní daonna agus le seirbhísí comhroinnte a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta maidir leis an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Roinn seo.

### *Timpeallacht rialaithe airgeadais*

Tá timpeallacht rialaithe lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí don chóras inmheánach rialaithe airgeadais a chomhlíonadh.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### *Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta*

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistithe riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú
- go bhfuil treoirlínte cuí maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistithe tionscadail ann.

### *Iniúchóireacht inmheánach agus An Coiste Iniúchóireachta*

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar rioscaí, lena n-áirítear rioscaí airgeadais a nochtar don Roinn agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá mé sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go leantar le tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a scrúdú.

### *Soláthar*

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte iomchuí go léir a áirithiú. In 2023, €76 milliún a bhí sa chaiteachas ar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear costas foirne conraithe isteach.

Tá sonraí maidir le 37 conradh neamhiomaíoch de bhreis ar €3.41 milliún sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 curtha ar fáil ag an Roinn don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na forálacha seachas trí shíneadh conartha de bhreis ar €25,000 (gan CBL a chur san áireamh) a rinneadh gan próiseas iomaíoch, agus €419,484 san iomlán acu (gan CBL a chur san áireamh) mar a leagtar amach thíos

- Bhí gá le síneadh a chur le conradh ar luach €26,385 (gan CBL a chur san áireamh) i gcomhair soláthar agus óstáil bogearraí bainistithe iniúchóireachta chun go bhféadfaí am leordhóthanach a thabhairt chun an próiseas tairisceana a chur i gcrích agus an réiteach roghnaithe a chur i bhfeidhm.
- Bhí gá le síneadh a chur leis an gconradh chun ceadúnais WebEx a athnuachan ar luach €322,501 (gan CBL a chur san áireamh) chun go bhféadfaí leanúint le córas gnó criticiúil a úsáideann an Roinn ar bhonn laethúil go dtí go mbogfar go dtí Microsoft Teams. Chuir Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) siar leathadh amach Microsoft Teams go dtí 2024, lena n-éilítear athnuachan an cheadúnais reatha Cisco Webex. Tá tionscadal Microsoft Teams faoi lán seoil anois, agus níltear ag súil go mbeidh síneadh breise ar cheadúnas Webex ag teastáil.
- Leantar ar aghaidh le síneadh ar chonradh seirbhísí teileafónaíochta TFC le caiteachas i rith na bliana 2023 de €70,598 (gan CBL a chur san áireamh) go dtí go gcríochnófar próiseas soláthair. Tá ullmhúchán agus taighde don phróiseas soláthair ar bun i gcónaí ar a bhfuiltear ag súil go n-eiseofar tairiscint don teileafónaíocht i Ráithe 4 2024.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistithe atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an gclár agus cabhraíonn sé leis an mBord Bainistíochta freagairt dá réir, acmhainní a leithdháileadh más gá, chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár riosca bearta maolaithe agus freagracht as oibriú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Déantar athbhreithniú lárnach ar an gclár riosca agus déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú rialta ar na rioscaí ardleibhéil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar an lucht ardbhainistíochta sinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2023 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

**Graham Doyle**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil, agus Oidhreachta

27 Márta 2024

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 34 An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d’Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d’ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m’iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

*Maoiniú eisceachtúil Stáit don Peter McVerry Trust*

I gCaibidil 11 de mo thuarascáilar chuntais na seirbhísí poiblí do 2023, déantar iniúchadh ar shocrúcháin mhaoirseachta na Roinne maidir le maoiniú rialta a cuireadh ar fáil don Peter McVerry Trust, na cúinsí a chruthaigh an gá tuilleadh maoinithe a fháil ar bhonn eisceachtúil in 2023 agus 2024, agus monatóireacht na Roinne ar na coinníollacha a bhaineann leis an maoiniú eisceachtúil.

*An Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (CBÁSTG)*

I gCaibidil 12 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2023, déantar iniúchadh ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le spriocthionscadail bhonneagair CBÁSTG a chur i gcrích, agus tionchar an chiste ar an bhforbairt tithíochta go dtí seo i limistéir an tionscadail.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

9 Meán Fómhair 2024

## Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 34 An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

## Cuntas Leithreasa 2023

| | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Tithíocht | | | | |
| | *Bunfhoinse* | 3,668,201 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 240,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 95,209 | | | |
| | | | 4,003,410 | 3,891,087 | 3,386,529 |
| B | Seirbhísí Uisce | | | | |
| | *Bunfhoinse* | 1,687,504 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 95,800 | | | |
| | *Forlíontach* | (21,087) | | | |
| | | | 1,762,217 | 1,757,566 | 1,512,217 |
| C | Rialtas Áitiúil | | | | |
| | *Bunfhoinse* | 470,710 | | | |
| | *Forlíontach* | 105,493 | | | |
| | | | 576,203 | 583,330 | 427,558 |
| D | Pleanáil | | | | |
| | *Bunfhoinse* | 224,051 | | | |
| | *Forlíontach* | (45,392) | | | |
| | | | 178,659 | 179,905 | 106,711 |
| E | Met Éireann | | | | |
| | Bunfhoinse | 56,428 | | | |
| | Forlíontach | (1,109) | | | |
| | | | 55,319 | 38,241 | 36,118 |
| F | Oidhreacht | | | | |
| | Bunfhoinse | 215,537 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 4,200 | | | |
| | *Forlíontach* | 13,120 | | | |
| | | | 232,857 | 213,004 | 163,348 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunfhoinse* | 6,322,431 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 340,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 146,234 | | | |
| | | | **6,808,665** | **6,663,133** | **5,632,481** |
| | *Lúide* | | | | |
| G | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Bunfhoinse* | 75,171 | | | |
| | *Forlíontach* | (7,247) | | | |
| | | | **67,924** | **77,646** | **71,378** |

| | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Bunfhoinse* | 6,247,260 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 340,000 | | | |
| *Forlíontach* | 153,481 | | | |
| | | **6,740,741** | **6,585,487** | **5,561,103** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh os cionn an ghlanmhéid a feidhmíodh faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste. `

Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar iomlán na leithreasuithe neamhchaite i leith seirbhísí soláthair caipitil nó cuid díobh a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €141 milliún de leithdháiltí neamhchaite i leith gnéithe caipitil an Vóta ar aghaidh go dtí 2024 (nóta 6.8).

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 155,254,208 | 586,735,590 |
| Géilleadh iarchurtha | (141,000,000) | (340,000,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **14,254,208** | **246,735,590** |

**Graham Doyle**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil, agus Oidhreachta

27 Márta 2024

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 6,532,971 | 5,516,315 |
| Tuarastal | | 102,411 | 91,782 |
| Neamhphá | | 27,751 | 24,384 |
| **Ollchaiteachas** | | **6,663,133** | **5,632,481** |
| *Lúide* | | | |
| Leithreasaí i gcabhair | | 77,646 | 71,378 |
| **Glanchaiteachas** | | **6,585,487** | **5,561,103** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (26,563) | | |
| Dímheas | 3,106 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 22 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (1,396) | | |
| Amúchadh | 20 | | |
| | | (24,811) | (3,656) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú i bhfardail | (196) | | |
| Méadú i réamhíocaíochtaí | (427) | | |
| Laghdú in ioncam fabhraithe | 5,763 | | |
| Méadú i gciste imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta | (233) | | |
| Méadú i gcostais fhabhraithe | 4,948 | | |
| Laghdú in ioncam iarchurtha | (4,648) | | |
| | | 5,207 | (2,394) |
| **Caiteachas díreach** | | **6,565,883** | **5,555,053** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 33,888 | 31,906 |
| Measchíosanna | | 4,231 | 4,231 |
| **Glanchostas an chláir** | | **6,604,002** | **5,591,190** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 34 a iompraítear in áiteanna eile.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 41 | 41 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 29,264 | 27,848 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,942 | 2,130 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 174 | 156 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 235 | 9 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 2,125 | 1,615 |
| An Príomh-Chiste – pinsin aireachta | | 107 | 107 |
| | | **33,888** | **31,906** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Tabhair faoi deara | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 90,145 | 67,125 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 1,505 | 28 |
| **Sócmhainní seasta iomlána** | | **91,650** | **67,153** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 183,317 | 364,675 |
| Fardail | 2.4 | 279 | 83 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 1,992 | 1,565 |
| Ioncam fabhraithe | 2.6 | 4,103 | 9,866 |
| Ciste Fáltais Imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta | 7.2 | 67,987 | 67,754 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.7 | 1,704 | 2,109 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **259,382** | **446,052** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | 2.8 | 29,076 | 24,067 |
| Ioncam iarchurtha | 2.9 | — | 4,648 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.10 | 43,670 | 21,377 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.11 | 141,351 | 345,407 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **214,097** | **395,499** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 45,285 | 50,553 |
| **Glansócmhainní** | | **136,935** | **117,706** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.12 | **136,935** | **117,706** |

## 2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh [a]

| | Talamh agus foirgnimh | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Costas luachála** | | | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2023 [b] | 48,525 | 14,617 | 22,546 | 4,185 | 10,887 | 100,760 |
| Coigeartú [c] | (343) | (584) | (122) | (240) | — | (1,289) |
| Breiseanna | 17,213 | 6,906 | 1,307 | 200 | 897 | 26,523 |
| Aistrithe | — | — | 1,748 | — | (1,748) | — |
| Diúscairtí | — | (422) | (86) | (13) | — | (521) |
| **Ar 31 Nollaig 2023** | 65,395 | 20,517 | 25,393 | 4,132 | 10,036 | 125,473 |
| | | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2023 [b] | 2,568 | 8,841 | 19,803 | 2,423 | — | 33,635 |
| Coigeartuithe [c] | — | (573) | (207) | (134) | — | (914) |
| Dímheas don bhliain | 246 | 1,550 | 1,255 | 55 | — | 3,106 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (401) | (85) | (13) | — | (499) |
| **Ar 31 Nollaig 2023** | 2,814 | 9,417 | 20,766 | 2,331 | — | 35,328 |
| | | | | | | |
| **Glansócmhainní** | | | | | | |
| **Ar 31 Nollaig 2023** | **62,581** | **11,100** | **4,627** | **1,801** | **10,036** | **90,145** |
| | | | | | | |
| Ar 31 Nollaig 2022 | 45,957 | 5,776 | 2,743 | 1,762 | 10,887 | 67,125 |

Tabhair faoi deara

a Tá tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn nach bhfuil luachálacha acu liostaithe i ráiteas ar bheartais agus ar phrionsabail chuntasaíochta.

b Athaicmíodh éadáil bogearraí agus sóchmhainní forbartha ó réadmhaoin, gléasra agus trealamh chuig sóchmhainní doláimhsithe, le héifeacht ón 1 Eanáir 2023 (féach nóta 2.2)

c Léiríonn an Coigeartú sócmhainní a baineadh a fuarthas le haghaidh níos lú ná €10,000 roimh 1 Eanáir 2021.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí a fhaightear/a fhorbraítear | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas luachála** | | | |
| Ar 1 Eanáir 2023 [a] | 3,561 | — | 3,561 |
| Breiseanna | — | 1,497 | 1,497 |
| **Iarmhéid ar 31 Nollaig 2023** | 3,561 | 1,497 | 5,058 |
| | | | |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| Ar 1 Eanáir 2023 | 3,533 | — | 3,533 |
| Amúchadh | 20 | — | 20 |
| **Iarmhéid ar 31 Nollaig 2023** | 3,553 | — | 3,553 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Ar 31 Nollaig 2023** | **8** | **1,497** | **1,505** |
| | | | |
| Ar 31 Nollaig 2022 | 28 | — | 28 |

Tabhair faoi deara [a] Athaicmíodh éadáil bogearraí agus sóchmhainní forbartha ó réadmhaoin, gléasra agus trealamh, le héifeacht ón 1 Eanáir 2023 (féach nóta 2.1).

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ar 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim | 183,311 | 364,386 |
| Iarmhéid cuntas bainc tráchtála | 6 | 289 |
| | **183,317** | **364,675** |

## 2.4 Fardail

| ar 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ábhair thógála | 117 | — |
| Beostoc | 107 | 51 |
| Tomhaltáin TF | 9 | 21 |
| Eile | 46 | 11 |
| | **279** | **83** |

### 2.5 Réamhíocaíochtaí

| ar 31 Nollaig | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Tacaíocht do bhogearraí | 1,341 | 1,248 |
| Ranníocaíocht idirnáisiúnta | 29 | 100 |
| Riarachán | 446 | 31 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 176 | 186 |
| | **1,992** | **1,565** |

### 2.6 Ioncam fabhraithe

| ar 31 Nollaig | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Tobhach pinsin | 3,413 | 3,367 |
| Fáltais Met Éireann | 681 | 77 |
| Táillí iniúchta | 9 | 3 |
| Fáltais Urthrá | — | 6,418 |
| Seirbhísí agus muirir ag láithreáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra | — | 1 |
| | **4,103** | **9,866** |

## 2.7 Iarmhéideanna dochair eile

| ar 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tionscadail oidhreachta | | |
| Comhpháirtíocht Straitéiseach Fháilte Éireann | 397 | 388 |
| Cairde Éanlaith Éireann 2020/2021 | 164 | 253 |
| Teach Chill Airne | 161 | 161 |
| Coill na dTóimí | 142 | 142 |
| Tionscadal Dúlra Straitéiseach LIFE [a] | 31 | — |
| Tionscadal Comhtháite LIFE na dTailte Portaigh agus an Phobail [a] | 26 | — |
| Tionscadal athchóirithe LIFE na bPortach Ardaithe[a] | — | 241 |
| Tionscadail eile | 324 | 336 |
| Airleacain chuig OOP | 135 | 301 |
| Costais infhorchúitithe tuarastail | 159 | 152 |
| Scéim maidir le pas infhorchúitithe taistil | 39 | 27 |
| Costais infhorchúitithe taistil | 8 | 3 |
| Óinchistí | 5 | 14 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 113 | 91 |
| | **1,704** | **2,109** |

Tabhair faoi deara

[a] Tá an clár LIFE mar uirlis maoinithe an AE, a chuireann tacaíocht ar fáil do thionscadail timpeallachta, caomhnaithe an dúlra agus do gníomhaithe ar son na haeráide tríd an AE. Is é cuspóir ginearálta LIFE cur le beartas agus reachtaíocht chomhshaoil an AE trína chur i bhfeidhm, é a thabhairt cothrom le dáta agus é a fhorbairt trí chomhchistíocht phíolótach nó tionscadal taispeána a dhéanamh ar thionscadail a mbíonn breisluach Eorpach leo.

## 2.8 Costais fhabhraithe

| ar 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Seirbhísí TF agus tacaíocht | 253 | 286 |
| Fabhrú an Chláir | | |
| A Tithíocht | 22,370 | 19,325 |
| B Uisce | 15 | 26 |
| C Rialtas Áitiúil | 749 | 141 |
| D Pleanáil | 267 | 1,990 |
| E Met Éireann | 203 | 46 |
| F Oidhreacht | 3,906 | 1,264 |
| Costais riaracháin | 1,313 | 989 |
| | **29,076** | **24,067** |

## 2.9 Ioncam iarchurtha

| ar 31 Nollaig | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Ceadúnais urthrá [a] | — | 4,648 |
| | **—** | **4,648** |

Tabhair faoi deara [a] Dí-aithníodh ioncam urthrá iarchurtha mar gur aistríodh freagracht na hurthrá chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí in 2023.

## 2.10 Iarmhéideanna sochar eile

| ar 31 Nollaig | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 1,544 | 1,368 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 1,095 | 939 |
| Cáin Bhreisluacha | 875 | 827 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 638 | 728 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 375 | 325 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 324 | 276 |
| | 4,851 | 4,463 |
| | | |
| Ciste Forbartha Uirbí [a] | 14,903 | 1,428 |
| Tionscadal Dúlra Straitéiseach (SNaP) na hÉireann de chuid LIFE 2022 [b] | 6,101 | — |
| Limistéir Mhuirí faoi Chosaint na hÉireann de chuid LIFE [b] | 4,542 | — |
| Tionscadal comhtháite LIFE [b] | 4,274 | 3,984 |
| LIFE Nádúr an Atlantaigh Fhiáin [b] | 2,859 | 3,364 |
| LIFE ar Mhacaire [b] | 1,885 | 2,338 |
| Grúpchiste Tacaíochta Áitiúil – Tionscadal Dúlra an Atlantaigh Fhiáin LIFE [b] | 1,075 | — |
| LIFE Crex an Atlantaigh [b] | 498 | 881 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 407 | 340 |
| An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe [c] | 382 | 2,273 |
| Tionscadal athchóirithe LIFE an Phortaigh Ardaithe [b] | 300 | — |
| Tionscadal LIFE Chiarraí [b] | 164 | 367 |
| Tionscadal WaterLANDS | 123 | 734 |
| LIFE Oileánach [b] | 26 | 26 |
| Míreanna fionraí dochair eile | 1,280 | 1,179 |
| | **43,670** | **21,377** |

Tabhair faoi deara

[a] Féach Nóta 7.1.

[b] Tá an clár LIFE mar uirlis maoinithe an AE, a chuireann tacaíocht ar fáil do thionscadail timpeallachta, caomhnaithe an dúlra agus do gníomhaithe ar son na haeráide tríd an AE. Is é cuspóir ginearálta LIFE cur le beartas agus reachtaíocht chomhshaoil an AE trína chur i bhfeidhm, é a thabhairt cothrom le dáta agus é a fhorbairt trí chomhchistíocht phíolótach nó tionscadal taispeána a dhéanamh ar thionscadail a mbíonn breisluach Eorpach leo.

[c] Baineann an t-iarmhéid a thaispeántar thuas le hardmhaoiniú ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF) go dtí go bhfaightear éilimh fhíoraithe maidir le tionscadail aonair. Bunaíodh an RRDF mar chuid de Thionscadal Éireann 2040 agus cuireann sé infheistíocht ar fáil chun tacú le hathnuachan tuaithe do thionscadail oiriúnacha i mbailte agus sráidbhailte ina bhfuil daonra níos lú ná 10,000, agus i gceantair imeallacha. Tá sé á riaradh ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

## 2.11 Cistiúcháin Státchiste glan

| ar 31 Nollaig | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Barrachas | 14,254 | 246,736 |
| Géilleadh iarchurtha | 141,000 | 340,000 |
| Deontas státchiste neamhtharraingthe | (13,903) | (241,329) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **141,351** | **345,407** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 183,317 | 364,675 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,704 | 2,109 |
| | 185,021 | 366,784 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (4,851) | (4,463) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (38,819) | (16,914) |
| | (43,670) | (21,377) |
| | | |
| | **141,351** | **345,407** |

## 2.12 Cuntas maoinithe Stáit

| | Tabhair faoi deara | €000 | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | | | 117,706 | 111,763 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 6,740,741 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (141,000) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (14,254) | | |
| Glanvóta | | | 6,585,487 | 5,561,103 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áiteanna eile | 1.1 | | 33,888 | 31,906 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 4,231 | 4,231 |
| Coigeartú ón mbliain roimhe | 2.1 | | (375) | (107) |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (6,604,002) | (5,591,190) |
| **Iarmhéid ar 31 Nollaig** | | | **136,935** | **117,706** |

## 2.13 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda**

| ar 31 Nollaig | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 8,888 | 5,791 |
| Cláir deontais neamh-chaipitiúil | 1,280,513 | 1,182,917 |
| Cláir deontais chaipitiúla | 3,769,942 | 2,514,797 |
| Tionscadail comhpháirtíochta príobháidí poiblí | 546,672 | 573,156 |
| **Iomlán na gceangaltas atá in-fhorfheidhmithe le dlí** | **5,606,015** | **4,276,661** |

| **b) Cláir deontais neamhchaipitiúla** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 1,182,917 | 1,174,083 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (1,131,537) | (1,116,559) |
| Ceangaltais deontais nua | 1,229,133 | 1,125,393 |
| **Iarmhéid deiridh** | **1,280,513** | **1,182,917** |

| **c) Cláir deontais chaipitiúla** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 2,514,797 | 2,075,841 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (2,282,457) | (1,752,402) |
| Ceangaltais deontais nua | 3,537,602 | 2,191,358 |
| **Iarmhéid deiridh** | **3,769,942** | **2,514,797** |

**d) Mórthiomantais tionscadail chaipitiúla**

| **Tionscadail tithíochta** | **Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2022 €000** | **Caiteachas in 2023 €000** | **Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin €000** | **Saolré iomlán caiteachais ionchais an tionscadail 2023 €000** | **Saolré iomlán caiteachais ionchais an tionscadail 2022 €000** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tógáil** | | | | | |
| *Cómhaoinithe* [a] | | | | | |
| Aislinn, Bóthar Chill Rois, Inis, An Clár | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 1,548 | — | — | 1,548 | 1,548 |
| Roinn | 8,752 | — | 866 | 9,618 | 8,986 |
| | 10,300 | — | 866 | 11,166 | 10,534 |
| Pollmhóin, Baile an Chollaigh, Cathair Chorcaí | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 213 | — | — | 213 | 213 |
| Roinn | 2,747 | 11,823 | 8,790 | 23,360 | 23,360 |
| | 2,960 | 11,823 | 8,790 | 23,573 | 23,573 |
| Bóthar Chúrsa an Uisce, An Linn Dubh, Cathair Chorcaí | | | | | |
| Údarás Áitiúil | — | 873 | — | 873 | — |
| Roinn | 9,469 | 1,876 | 311 | 11,656 | 11,647 |
| | 9,469 | 2,749 | 311 | 12,529 | 11,647 |
| Garrán na Feá, Cloich na Coillte, Corcaigh | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 1,565 | — | — | 1,565 | 1,565 |
| Roinn | 15,426 | 45 | 1,350 | 16,821 | 15,624 |
| | 16,991 | 45 | 1,350 | 18,386 | 17,189 |
| Cill Mhóna, Carraig Uí Leighin, Corcaigh | | | | | |
| Údarás Áitiúil | — | 2,170 | — | 2,170 | — |
| Roinn | 10,281 | 4,439 | 718 | 15,438 | 17,607 |
| | 10,281 | 6,609 | 718 | 17,608 | 17,607 |

| | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2022 €000 | Caiteachas in 2023 €000 | Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin €000 | Saolré iomlán caiteachais ionchais an tionscadail 2023 €000 | Saolré iomlán caiteachais ionchais an tionscadail 2022 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Cearnóg Bhaile Uí Ógáin, Baile Uí Ógáin, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 9,013 | 1,358 | — | 10,371 | 9,013 |
| Roinn | 6,783 | 1,289 | 607 | 8,679 | 10,037 |
| | 15,796 | 2,647 | 607 | 19,050 | 19,050 |
| Páirc Mhic Gearailt, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 5,041 | — | — | 5,041 | 5,041 |
| Roinn | 4,630 | — | 412 | 5,042 | 5,042 |
| | 9,671 | — | 412 | 10,083 | 10,083 |
| Clós Chill Tiarnáin, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 6,985 | — | — | 6,985 | 6,985 |
| Roinn | 2,709 | — | 12,261 | 14,970 | 14,970 |
| | 9,694 | — | 12,261 | 21,955 | 21,955 |
| Cúirt Chnocán na Rós, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 5,413 | — | — | 5,413 | 5,413 |
| Roinn | 6,205 | — | 305 | 6,510 | 6,510 |
| | 11,618 | — | 305 | 11,923 | 11,923 |
| Caisleán Sheangánaí, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | | | | | |
| Údarás Áitiúil | — | 3,609 | — | 3,609 | — |
| Roinn | 6,422 | 15,184 | 51,905 | 73,511 | 77,120 |
| | 6,422 | 18,793 | 51,905 | 77,120 | 77,120 |

| | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2022<br>€000 | Caiteachas in 2023<br>€000 | Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin<br>€000 | Saolré iomlán caiteachais ionchais an tionscadail 2023<br>€000 | Saolré iomlán caiteachais ionchais an tionscadail 2022<br>€000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Bóthar Bhun Raite, (Céim 1c,) Baile Átha Cliath 17 | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 3,788 | — | — | 3,788 | 3,788 |
| Roinn | 23,618 | 64 | 1,748 | 25,430 | 25,430 |
| | 27,406 | 64 | 1,748 | 29,218 | 29,218 |
| Sráid Chorcaí, Sráid an tSeomraigh, Baile Átha Cliath 8 | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 2,160 | — | — | 2,160 | 2,160 |
| Roinn | 15,332 | 64 | 2,897 | 18,293 | 18,293 |
| | 17,492 | 64 | 2,897 | 20,453 | 20,453 |
| Corr na Móna, Baile Formaid, Baile Átha Cliath 12 | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 1,017 | — | — | 1,017 | 1,017 |
| Roinn | 19,701 | 64 | 1,594 | 21,359 | 21,359 |
| | 20,718 | 64 | 1,594 | 22,376 | 22,376 |
| Sráid Dhoiminic (An Taobh Thoir), Baile Átha Cliath | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 3,434 | — | — | 3,434 | 3,434 |
| Roinn | 23,411 | — | 2,626 | 26,037 | 25,869 |
| | 26,845 | — | 2,626 | 29,471 | 29,303 |
| Sráid an Rí Thuaidh, Plás Sheáin Foster, Baile Átha Cliath 7 | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 882 | — | — | 882 | 882 |
| Roinn | 10,957 | 1,040 | 47 | 12,044 | 12,044 |
| | 11,839 | 1,040 | 47 | 12,926 | 12,926 |

| | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2022 €000 | Caiteachas in 2023 €000 | Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin €000 | Saolré iomlán caiteachais ionchais an tionscadail 2023 €000 | Saolré iomlán caiteachais ionchais an tionscadail 2022 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Gairdíní Uí Dhuibheannaigh (Céim 1A) Cathair Bhaile Átha Cliath | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 1,139 | — | — | 1,139 | 1,139 |
| Roinn | 22,445 | 1,046 | 3,100 | 26,591 | 26,591 |
| | 23,584 | 1,046 | 3,100 | 27,730 | 27,730 |
| Halla na Prióireachta, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13 | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 10,288 | — | — | 10,288 | 10,288 |
| Roinn | 24,216 | — | 13,696 | 37,912 | 37,912 |
| | 34,504 | — | 13,696 | 48,200 | 48,200 |
| Tailte Cheapaí (Céim 3), Bóthar Cheapaí, Fionnghlas | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 4,896 | 759 | — | 5,655 | 4,896 |
| Roinn | 11,411 | 2,341 | 569 | 14,321 | 13,794 |
| | 16,307 | 3,100 | 569 | 19,976 | 18,690 |
| Church Fields, Céim 2B, Mullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15, Fine Gall | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 4,733 | 1,007 | — | 5,740 | 4,733 |
| Roinn | 11,873 | 4,044 | 1,662 | 17,579 | 16,358 |
| | 16,606 | 5,051 | 1,662 | 23,319 | 21,091 |
| Coimín an Ráschúrsa, Lusca (Céim 2.1), Fine Gall | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 2,260 | — | — | 2,260 | 2,260 |
| Roinn | 9,608 | — | 13 | 9,621 | 9,621 |
| | 11,868 | — | 13 | 11,881 | 11,881 |

| | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2022 €000 | Caiteachas in 2023 €000 | Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin €000 | Saolré iomlán caiteachais ionchais an tionscadail 2023 €000 | Saolré iomlán caiteachais ionchais an tionscadail 2022 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Bóthar Bhaile an Mhóinín (Céim 2), Cathair na Gaillimhe | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 663 | — | — | 663 | 663 |
| Roinn | 17,443 | — | 432 | 17,875 | 17,875 |
| | 18,106 | — | 432 | 18,538 | 18,538 |
| Garraí Beag, Bóthar Mhuine Mheá, An Baile Bán Mór, Cathair na Gaillimhe | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 327 | — | — | 327 | 327 |
| Roinn | 5,793 | 1,538 | — | 13,824 | 13,823 |
| | 6,120 | 1,538 | 6,493 | 14,151 | 14,150 |
| Balgaddy F, Ascaill an Ghrífín, Leamhcán, Baile Átha Cliath | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 102 | 540 | — | 642 | 102 |
| Roinn | 458 | 13,786 | 12,123 | 26,367 | 26,907 |
| | 560 | 14,326 | 12,123 | 27,009 | 27,009 |
| Baile Baodáin, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 2,303 | — | — | 2,303 | 2,303 |
| Roinn | 9,793 | — | 735 | 10,528 | 10,528 |
| | 12,096 | — | 735 | 12,831 | 12,831 |
| Ascaill Ghráinseach Chill Chairbre, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath | | | | | |
| Údarás Áitiúil | — | 3,387 | — | 3,387 | — |
| Roinn | 11,849 | 10,848 | 33,860 | 56,557 | — |
| | 11,849 | 14,235 | 33,860 | 59,944 | — |

| | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2022 €000 | Caiteachas in 2023 €000 | Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin €000 | Saolré iomlán caiteachais ionchais an tionscadail 2023 €000 | Saolré iomlán caiteachais ionchais an tionscadail 2022 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Bóthar Nangair, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22 | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 995 | 1,109 | — | 2,104 | 995 |
| Roinn | 8,872 | 13,839 | 4,469 | 27,180 | 28,289 |
| | 9,867 | 14,948 | 4,469 | 29,284 | 29,284 |
| Gleanntán na hAbhann, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 1,187 | — | — | 1,187 | 1,187 |
| Roinn | 6,747 | 4,339 | 584 | 11,670 | 11,670 |
| | 7,934 | 4,339 | 584 | 12,857 | 12,857 |
| Naomh Aodhán, Gort an tSrutháin, Tamhlacht, Baile Átha Cliath | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 4,276 | — | — | 4,276 | 4,276 |
| Roinn | 14,952 | — | 594 | 15,546 | 15,546 |
| | 19,228 | — | 594 | 19,822 | 19,822 |
| Naomh Cuidbhricht, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 2,988 | — | — | 2,988 | 2,988 |
| Roinn | 8,475 | — | 747 | 9,222 | 9,222 |
| | 11,463 | — | 747 | 12,210 | 12,210 |
| Ascaill Mharcais, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 1,372 | 545 | — | 1,917 | 1,372 |
| Roinn | 5,913 | 2,185 | 1,673 | 9,771 | 9,247 |
| | 7,285 | 2,730 | 1,673 | 11,688 | 10,619 |

| | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2022<br>€000 | Caiteachas in 2023<br>€000 | Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin<br>€000 | Saolré iomlán caiteachais ionchais an tionscadail 2023<br>€000 | Saolré iomlán caiteachais ionchais an tionscadail 2022<br>€000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Lána Bhaile an Ásaigh, Baile Chill Mhantáin, Cill Mhantáin | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 1,220 | — | — | 1,220 | 1,220 |
| Roinn | 11,301 | — | 507 | 11,808 | 11,808 |
| | 12,521 | — | 507 | 13,028 | 13,028 |
| *Maoinithe ag an Roinn* | | | | | |
| Lisasturrin, Dún an Rí, An Cabhán | — | — | 10,966 | 10,966 | — |
| Cluain Ghréine Inis, An Clár | 17,110 | 133 | 35 | 17,278 | 17,278 |
| Baile an Chrócaigh, Baile Uí Mhaoláin, Cathair Chorcaí | — | 5,556 | 22,053 | 27,609 | — |
| Bóthar an Teampaill, An Charraig Dhubh, Cathair Chorcaí | 2,043 | 5,269 | 3,941 | 11,253 | 11,253 |
| Bóthar an Teampaill, Cathair Chorcaí | 11,851 | — | 139 | 11,990 | 11,990 |
| Carraig an Deagánaigh, An Tóchar, Cathair Chorcaí | 16,286 | — | 943 | 17,229 | 17,229 |
| Denroche's Cross, Bóthar an Ghlaisín, Cathair Chorcaí | 6,819 | 6,446 | 1,565 | 14,830 | 14,830 |
| Arda na hEaragaile, An Gleann, Cathair Chorcaí | 192 | 1,194 | 10,293 | 11,679 | — |
| Fearann Phiarais, Cathair Chorcaí | — | — | 10,063 | 10,063 | — |
| Iar-Mhuileann Uí Bheoláin, Seanbhóthar Mhala, Cathair Chorcaí | 12,903 | 6,161 | 244 | 19,308 | 17,897 |
| Greenvalley, Dúglas, Cathair Chorcaí | — | — | 10,904 | 10,904 | — |
| Bóthar Hawke, Bóthar Bhaile an Easpaig, Baile an Easpaig, Cathair Chorcaí | 6,224 | 5,012 | 134 | 11,370 | — |
| Na Cillíní, Cathair Chorcaí | 2,030 | 11,884 | 2,004 | 15,918 | — |
| Bóthar Chionn tSáile, Cathair Chorcaí | — | — | 16,661 | 16,661 | — |
| Meadow Brome, Cooney's Lane, An Ghráinseach, Cathair Chorcaí | — | — | 10,304 | 10,304 | — |
| Cúirt Wolsey, An Linn Dubh, Cathair Chorcaí | — | — | 18,678 | 18,678 | 15,914 |
| Clarendon Brooks, Carrs Hill, Dúglas, Corcaigh | 13,153 | — | 121 | 13,274 | 13,274 |
| Crann Ard, Mainistir Fhear Maí, Corcaigh | — | — | 16,713 | 16,713 | — |
| Hazel Brooke, Baile an Fheintéaraigh, Mala, Corcaigh | 16,266 | — | 258 | 16,524 | 16,524 |

| | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2022 €000 | Caiteachas in 2023 €000 | Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin €000 | Saolré iomlán caiteachais ionchais an tionscadail 2023 €000 | Saolré iomlán caiteachais ionchais an tionscadail 2022 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Páirc Lorcáin, Stigh Lorgan, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 1,013 | — | 19,421 | 20,434 | — |
| Admiran, Srath an Urláir, Dún na nGall | — | — | 10,588 | 10,588 | 10,588 |
| Bóthar an Chlochair, Carn Domhnach, Dún na nGall | — | — | 11,720 | 11,720 | 11,720 |
| Newtown House (Bloc B), Bóthar Mhullach Íde, Baile Átha Cliath 13 | — | — | 75,799 | 75,799 | — |
*Soláthar meastacháin €13.6 milliún; olltoradh €10.234 milliún*

Bhí an caiteachas €3.366 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar cheanglas forchúitimh níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar iasachtaí oidhreachta i leith seirbhísí uisce i seilbh na n-údarás áitiúil agus costais airgeadais éagsúla na n-iasachtaí. Chomh maith leis sin, tháinig coigilteas chun cinn mar thoradh ar fhorchúiteamh níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar chaiteachas na n-údarás áitiúil ar fheidhmiú na hOifige Aistrithe Seirbhísí Uisce agus maidir le hobair ar aistrithe sócmhainní na seirbhísí uisce chuig Uisce Éireann.

**B.7 Saincheisteanna oidhreachta comhshaoil uisce**

*Soláthar meastacháin €8 milliún; olltoradh €413,000*

Bhí an caiteachas €7.587 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar thearc-chaitheamh ar thionscadail bhonneagair a sholáthair forbróir. Bhí rannpháirtíocht níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar an Scéim Deontais um Leasúchán Luaidhe a bhí faoi thionchar an éilimh. Tugadh €1.587 milliún den tearc-chaitheamh sin ar aghaidh go dtí 2024 mar ghéilleadh iarchurtha.

**B.8 Timpeallacht mhuirí**

*Soláthar meastacháin €4.355 milliún; olltoradh €2.348 milliún*

Bhí an caiteachas €2.007 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar tharraingt anuas maoinithe laghdaithe ag gníomhaireachtaí seachtracha mar gheall ar mhoill ar roinnt gnéithe den obair thacaíochta a thosú. Tugadh €436,000 den tearc-chaitheamh sin ar aghaidh go dtí 2024 mar ghéilleadh iarchurtha.

**B.9 Comhlacht Comhairleach Uisce**

*Soláthar meastacháin €320,000; olltoradh €9,000*

Bhí an caiteachas €311,000 níos ísle ná an soláthar meastacháin mar thoradh ar dhíscaoileadh an Bhoird Chomhairligh Uisce le héifeacht ón 28 Aibreán 2023.

## Clár C Rialtas Áitiúil

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán − pá | | | | | |
| | | *Bunfhoinse* | 9,080 | | | |
| | | *Forlíontach* | (641) | | | |
| | | | | 8,439 | 10,908 | 10,315 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | | 1,890 | 1,565 | 1,471 |
| C.3 | Ciste Rialtais Áitiúil | | | | | |
| | | *Bunfhoinse* | 421,318 | | | |
| | | *Forlíontach* | 83,664 | | | |
| | | | | 504,982 | 520,216 | 387,501 |
| C.4 | Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | | | | | |
| | | *Bunfhoinse* | 23,815 | | | |
| | | *Forlíontach* | 8,000 | | | |
| | | | | 31,815 | 32,853 | 23,716 |
| C.5 | Toghchóras | | | 4,032 | 3,003 | 2,084 |
| C.6 | An Binse Luachála | | | 1,995 | 1,167 | 1,148 |
| C.7 | Ciste Forbartha Údaráis Áitúil an Oileáin Chomhroinnte | | | 5,000 | 3,328 | — |
| C.8 | Seirbhísí eile | | | | | |
| | | *Bunfhoinse* | 3,580 | | | |
| | | *Forlíontach* | 14,470 | | | |
| | | | | 18,050 | 10,290 | 1,323 |
| | | | | **576,203** | **583,330** | **427,558** |

**Difríochtaí suntasacha**
Déantar cur síos sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas neamhriaracháin an chláir (+ /- 5% agus €100,000).

**C.3 Ciste Rialtais Áitiúil**

*Soláthar meastacháin €421.318 milliún; olltoradh €520.216 milliún*

Bhí an caiteachas €98.898 milliún níos airde ná an soláthar meastacháin, rud a léiríonn meastachán forlíontach de luach €83.664 milliún a soláthraíodh agus an t-aistriú maoinithe bhreise isteach san fhotheideal. Bhí an gá le maoiniú breise thar an mbunmheastachán mar gheall ar an ngá a bhí ann do thacaithe breise i roinnt réimsí san earnáil lena n-áirítear roinnt suíomhanna oidhreachta na Sionainne a aistriú, tacaíocht do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i ndiaidh na gcíréibeacha i mí na Samhna agus maoiniú le tabhairt ar aghaidh i gcomhair íocaíochta in 2024, maidir le costais thréigthe a bhaineann leis an gclár um chlaochlú uisce.

**C.4 Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála**

*Soláthar meastacháin €23.815 milliún; olltoradh €32.853 milliún*

Bhí an caiteachas €9.038 milliún níos airde ná an soláthar meastacháin, rud a léiríonn meastachán forlíontach de luach €8 milliún a soláthraíodh agus an t-aistriú maoinithe bhreise isteach san fhotheideal. Bhí gá leo sin mar gheall ar chaiteachas breise a tabhaíodh chun tacú le húdaráis áitiúla leis na costais a bhaineann le comhaontú an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO) agus costais tógála bonneagair mhéadaithe (tógáil stáisiún/athchóirithe) mar thoradh ar an mboilsciú leanúnach san earnáil tógála. Tabhaíodh costais bhreise freisin ag forchéimniú athnuachan an fhlít éigeandála túsline agus saintrealaimh dóiteáin. Tugadh €44,000 ar aghaidh go dtí 2024 mar ghéilleadh iarchurtha.

**C.5 Toghchóras**

*Soláthar meastacháin €4.032 milliún; olltoradh €3.003 milliún*

Bhí an caiteachas €1.029 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar chaiteachas níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar obair cáilíochta sonraí le haghaidh an tionscadal chun clárú toghcháin a nuachóiriú de bharr saincheisteanna uainiúcháin; chomh maith leis sin, ní raibh gá le cistí a cuireadh ar leataobh i gcomhair vótaíochtaí neamhbheartaithe in 2023, agus níor tabhaíodh aon chaiteachas maidir le toghchán méarachta Luimnigh toisc nach raibh an Bille achtaithe go fóill. Tugadh €215,000 ar aghaidh go dtí 2024 mar ghéilleadh iarchurtha.

**C.6 An Binse Luachála**

*Soláthar meastacháin €1.995* milliún; olltoradh €1.167 milliún

Bhí an caiteachas €828,000 níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar thosca éagsúla, lena n-áirítear moill in earcú foirne breise, moill in uasghrádú bhunachar sonraí an Bhinse Luachála agus laghdú sa ghá le hachomhairc a reáchtáil lasmuigh den láthair. Tugadh €225,000 ar aghaidh go dtí 2024 mar ghéilleadh iarchurtha.

**C.7 Ciste Forbartha Údaráis Áitúil an Oileáin Chomhroinnte**

*Soláthar meastacháin €5 milliún; olltoradh €3.328 milliún*

Bhí an caiteachas €1.672 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar costais tionscadail 2023 a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo le roinnt tionscadal nach bhfuiltear ag súil go mbeidh siad curtha i gcrích go dtí Meitheamh 2024, le tionscadal amháin gan a bheith ag dul ar aghaidh. Tugadh €1.672 ar aghaidh go dtí 2024 mar ghéilleadh iarchurtha ón bhfotheideal sin.

**C.8 Seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €3.58 milliún; olltoradh €10.29 milliún*

Bhí an caiteachas €6.71 milliún níos airde ná an soláthar meastacháin. Méadaíodh an soláthar meastacháin don fhotheideal sin faoi €14.47 milliún mar chuid den mheastachán forlíontach i mí na Samhna chun caiteachas réamh-mheasta le húdaráis áitiúla a riar maidir le freagairt agus glantachán i ndiaidh eachtraí aimsire tromchúiseacha ar chúis le damáiste agus le haghaidh forchúitimh éileamh faighte maidir le díobhálacha mailíseacha, atá faoi thionchar an éilimh agus deacair a thuar. Tháinig coigilteas chun cinn de bharr nár reáchtáladh toghchán méarachta Luimnigh in 2023 agus costas na n-údarás áitiúil maidir le freagairt agus glantachán i ndiaidh eachtraí aimsire tromchúiseacha a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil. Tugadh €2,000 ar aghaidh go dtí 2024 mar ghéilleadh iarchurtha.

## Clár D Pleanáil

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán − pá | | | | |
| | *Bunfhoinse* | 7,720 | | | |
| | *Forlíontach* | (392) | | | |
| | | | 7,328 | 5,821 | 5,522 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | | 1,585 | 1,243 | 1,099 |
| D.3 | An Bord Pleanála | | 26,879 | 30,879 | 22,166 |
| D.4 | An Binse Pleanála | | 1,600 | 31 | 1,364 |
| D.5 | Oifig an Rialálaí Pleanála | | 4,408 | 3,988 | 3,588 |
| D.6 | Beartas Pleanála | | 2,000 | 1,878 | 603 |
| D.7 | Pleanáil Náisiúnta, Réigiúnach agus Uirbeach | | 2,283 | 2,018 | 2,011 |
| D.8 | Pleanáil sonraí spásúlachta | | 500 | 500 | 263 |
| D.9 | Athnuachan/athbheochan uirbeach | | | | |
| | *Bunfhoinse* | 136,010 | | | |
| | *Forlíontach* | (28,000) | | | |
| | | | 108,010 | 123,939 | 45,156 |
| D.10 | Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | | 2,045 | 2,044 | 19,578 |
| D.11 | An Ghníomhaireacht Forbartha Talún | | 5,750 | 1,123 | 534 |
| D.12 | Urthrá | | 3,726 | 1,305 | 687 |
| D.13 | Pleanáil Spásúlachta Muirí | | 2,205 | 438 | 733 |
| D.14 | Rialáil Pleanála an AE agus idirnáisiúnta | | 350 | 164 | 123 |
| D.15 | An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí | | 4,345 | 2,209 | 471 |
| D.16 | Acmhainní agus tacaíochtaí pleanála an Údaráis Áitiúla | | | | |
| | *Bunfhoinse* | 5,400 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,000) | | | |
| | | | 3,400 | 50 | — |
| D.17 | Seirbhísí eile | | | | |
| | *Bunfhoinse* | 17,245 | | | |
| | *Forlíontach* | (15,000) | | | |
| | | | 2,245 | 2,275 | 2,813 |
| | | | **178,659** | **179,905** | **106,711** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas neamhriaracháin an chláir (+ /- 5% agus €100,000).

**D.3 An Bord Pleanála**

*Soláthar meastacháin €26.879 milliún; olltoradh €30.879 milliún*

Bhí an caiteachas €4 mhilliún níos airde ná an soláthar meastacháin. Tugadh an maoiniú trí aistriú cistí ó fhotheidil eile chun costais dhlíthiúla bhreise a riar.

**D.4 An Binse Pleanála**

*Soláthar meastacháin €1.6 milliún; olltoradh €31,000*

Bhí an caiteachas €1.569 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar go mbraitheann tarraingt anuas caiteachais ar éilimh i gcomhair costais tríú páirtí a chur isteach ar deacair iad a thuar. Bhíothas ag súil le héileamh suntasach tríú páirtí, ach níor cuireadh i gcrích é.

**D.5 Oifig an Rialálaí Pleanála**

*Soláthar meastacháin €4.408 milliún; olltoradh €3.988 milliún*

Bhí an caiteachas €420,000 níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar shaincheisteanna earcaíochta agus uainiú na dtarraingtí anuas.

**D.6 Beartas Pleanála**

*Soláthar meastacháin €2 milliún; olltoradh €1.878 milliún*

Bhí an caiteachas €122,000 níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar chaiteachas ar an tionscadal Pleanála ar Líne a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

**D.7 Pleanáil náisiúnta réigiúnach agus uirbeach**

*Soláthar meastacháin €2.283 milliún; olltoradh €2.018 milliún*

Bhí an caiteachas €265,000 níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar thaighde agus tionscadal fianaise-bhunaithe do Chriosanna Forbartha Uirbí gan a bheith ag dul ar aghaidh, de bharr moill ar an reachtaíocht tacaíochta.

**D.9 Athnuachan/athbheochan uirbeach**

*Soláthar meastacháin €136.01 milliún; olltoradh €123.939 milliún*

Bhí an caiteachas €12.071 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar líon tionscadal caipitil mórscála gan a bheith ag dul ar aghaidh chomh luath is a bhíothas ag súil leis in 2023. Tugadh €66,000 ón bhfotheideal ar aghaidh go dtí 2024 mar ghéilleadh iarchurtha.

**D.11 An Ghníomhaireacht Forbartha Talún**

*Soláthar meastacháin €5.75 milliún; olltoradh €1.123 milliún*

Bhí an caiteachas in 2023 €4.627 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar chaiteachas caipitil d'fheidhmeanna neamheacnamaíocha a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. Chomh maith leis sin, ní chumhdaíonn cistiúcháin státchiste don Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) ach feidhmeanna neamheacnamaíocha sonracha mar a shonraítear faoi A.29 den Acht fán nGníomhaireacht Forbartha Talún áit a raibh raon feidhme na hoibre incháilithe níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Tugadh €4.096 milliún ón bhfotheideal ar aghaidh go dtí 2024 mar ghéilleadh iarchurtha.

**D.12 Urthrá**

*Soláthar meastacháin €3.726 milliún; olltoradh €1.305 milliún*

Bhí an caiteachas €2.421 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar an gcaiteachas ar shocraíochtaí ar tháillí dlíthiúla a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil.

**D.13 Pleanáil Spásúlachta Muirí**

*Soláthar meastacháin €2.205 milliún; olltoradh €438,000*

Bhí an caiteachas €1.767 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar mhoilleanna i bhforbairt lín scéimeanna, lena n-áirítear córas nua bainistíocht toilithe, agus costais foirne ag Foras na Mara a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil.

**D.14 Rialáil Pleanála an AE agus idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €350,000; olltoradh €164,000*

Bhí an caiteachas €186,000 níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar mhoilleanna i roinnt tionscadal a raibh Measúnacht Straitéiseach Chomhshaoil de dhíth orthu a thosú. Chomh maith leis sin, níor tháinig comhairliúcháin trasteorann ar bith chun cinn in 2023.

**D.15 An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí**

*Soláthar meastacháin €4.345 milliún; olltoradh €2.209 milliún*

Bhí an caiteachas €2.136 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar mhoilleanna in earcaíocht foirne agus i gconarthaí comhairliúcháin maidir le MARA a bhunú mar ghníomhaireacht.

**D.16 Acmhainní agus tacaíochtaí pleanála an Údaráis Áitiúla**

*Soláthar meastacháin €5.4 milliún; olltoradh €50,000*

Bhí an caiteachas €5.35 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar uainiú ceadaithe foirne RCPSPFNA (deireadh Ráithe 3 2023) agus na próisis Acmhainní Daonna ina dhiaidh sin a bhí bainteach le 100 post nua buan lánaimseartha a líonadh i rannóga pleanála údaráis áitiúil.

**D.17 Seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €17.245 milliún; olltoradh €2.275 milliún*

Bhí an caiteachas €14.97 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar mhoilleanna a tabhaíodh ar thionscadal Ionad Imeachtaí Chorcaí.

## Clár E Met Éireann

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar meastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| E.1 | Riarachán − pá | | | | | |
| | | *Bunfhoinse* | 17,311 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,109) | | | |
| | | | | 16,202 | 16,279 | 14,871 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | | | 23,062 | 12,615 | 12,074 |
| E.3 | Fo-ailt d'eagraíochtaí meitéareolaíochta idirnáisiúnta | | | 8,850 | 8,038 | 8,167 |
| E.4 | Seirbhís réamhaisnéise agus rabhaidh tuile | | | 7,205 | 1,309 | 1,006 |
| | | | | **55,319** | **38,241** | **36,118** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas neamhriaracháin an chláir (+ /- 5% agus €100,000).

**E.3 Fo-ailt d'eagraíochtaí meitéareolaíochta idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €8.85 milliún; olltoradh €8.038 milliún*

Bhí caiteachas €812,000 níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar athmheas síos ón gcostas measta.

**E.4 Seirbhís réamhaisnéise agus rabhaidh tuile**

*Soláthar meastacháin €7.205 milliún; olltoradh €1.309 milliún*

Bhí caiteachas €5.896 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar mhoilleanna i dtionscadail forbartha maidir le réamhaisnéis tuile agus roinnt córas samhaltaithe nach raibh ag feidhmiú go fóill. Bhí na moilleanna sin mar thoradh ar shaincheisteanna i ndáil le foireann agus leis an slabhra soláthair. Tugadh an tearc-chaitheamh €5.874 milliún ar aghaidh go dtí 2024 mar ghéilleadh iarchurtha.

## Clár F Oidhreacht

| | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| F.1 | Riarachán − pá | | | | |
| | *Bunfhoinse* | 53,372 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,880) | | | |
| | | | 50,492 | 38,206 | 32,414 |
| F.2 | Riarachán – neamhphá | | 9,731 | 8,238 | 6,008 |
| F.3 | An Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 14,341 | 14,341 | 11,445 |
| F.4 | Oidhreacht Thógtha | | 19,970 | 18,425 | 15,711 |
| F.5 | Oidhreacht náisiúnta (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | | | | |
| | *Bunfhoinse* | 42,582 | | | |
| | *Forlíontach* | 21,000 | | | |
| | | | 63,582 | 62,924 | 31,523 |
| F.6 | Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann | | 2,850 | 3,600 | 2,500 |
| F.7 | Scéim Infheistíochta maidir le hOidhreacht Thógtha | | 4,000 | 4,116 | 3,739 |
| F.8 | Athchóiriú, caomhnú agus bainistiú tailte portaigh | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 10,280 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 4,200 | | | |
| | | | 14,480 | 10,030 | 9,094 |
| F.9 | Uiscebhealaí Éireann | | 50,068 | 50,068 | 44,952 |
| F.10 | Tionscadail straitéiseacha oidhreachta tógtha | | | | |
| | *Bunfhoinse* | 7,350 | | | |
| | *Forlíontach* | (5,000) | | | |
| | | | 2,350 | 1,102 | 2,917 |
| F.11 | Oiriúnú aeráide | | 200 | 113 | 119 |
| F.12 | Droichead Caol Uisce | | 750 | 750 | 2,899 |
| F.13 | Seirbhísí eile | | 43 | 1,091 | 27 |
| | | | **232,857** | **213,004** | **163,348** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas neamhriaracháin an chláir (+ /- 5% agus €100,000).

**F.4 Oidhreacht Thógtha**

*Soláthar meastacháin €19.970 milliún; olltoradh €18.425 milliún*

Bhí an caiteachas €1.545 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar thionscadail a bhí ag dul chun cinn níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis. Tugadh €943,000 den tearc-chaitheamh sin ar aghaidh go dtí 2024 mar ghéilleadh iarchurtha.

**F.5 Oidhreacht náisiúnta (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)**

*Soláthar meastacháin €42.582 milliún; olltoradh €62.924 milliún*

Bhí an caiteachas €20.342 milliún níos airde ná an soláthar meastacháin mar gheall ar mhaoiniú breise a soláthraíodh chun an costas fála talún straitéiseach a riar ar son páirc náisiúnta a chruthú i nDubhadh agus talamh breise arna sealbhú ag an Roinn laistigh de Bhoirinn - suíomh a bhfuil tábhacht éiceolaíochta dhomhanda aige. Méadaíodh an soláthar meastacháin faoi €21 milliún mar chuid den mheastachán forlíontach. Tugadh €202,000 ar aghaidh go dtí 2024 mar ghéilleadh iarchurtha.

**F.6 Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €2.85 milliún; olltoradh €3.6 milliún*

Bhí an caiteachas €750,000 níos airde ná an soláthar meastacháin mar gheall ar obair dheisiúcháin riachtanach ar dhíon Chaisleán Bhaile Sheáin. Aistríodh €750,000 isteach sa chuntas sin.

**F.8 Athchóiriú, caomhnú agus bainistiú tailte portaigh**

*Soláthar meastacháin €14.48 milliún; olltoradh €10.03 milliún*

Áirítear géilleadh iarchurtha €4.2 milliún a tugadh ar aghaidh ó 2022. Bhí leibhéil chaiteachais €4.45 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar an leibhéal caiteachais a bhíothas ag súil leis i gclár athchóirithe portach ardaithe na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Ní dhearnadh an dul chun cinn a bhíothas ag súil leis i roinnt tionscadail chaomhnaithe tailte bogaigh mar gheall ar aimsir an-fhliuch agus droch-choinníollacha talún a bhí ann ag deireadh bhliain 2023. Tugadh €4.45 milliún den tearc-chaitheamh sin ar aghaidh go dtí 2024 mar ghéilleadh iarchurtha.

**F.10 Tionscadail straitéiseacha oidhreachta tógtha**

*Soláthar meastacháin €7.35 milliún; olltoradh €1.102 milliún*

Bhí an caiteachas €6.248 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar athbhreithnithe ar raon feidhme i leith Tionscadal Athfhorbartha Shean-Leabharlann Choláiste na Tríonóide, a raibh moilleanna mar thoradh leis sa tógáil a thosú, agus gan oibreacha na Séadchomharthaí Náisiúnta Shráid an Mhúraigh a bheith ag dul ar aghaidh mar a bhíothas ag súil leis in 2023. Tugadh €98,000 den tearc-chaitheamh sin ar aghaidh go dtí 2024 mar ghéilleadh iarchurtha.

**F.13 Seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €43,000; olltoradh €1.091 milliún*

Bhí an caiteachas €1.048 milliún níos airde ná an soláthar meastacháin mar gheall ar chostais dhlithiúla a íocadh in 2023. Ós rud é go bhfuil costais dhlíthiúla faoi thionchar an éilimh, ní féidir costais chruinne nó sceidil íocaíochta a thuar i gcónaí le haghaidh cásanna dlí in aon bhliain ar leith. Aistríodh €1.049 milliún isteach sa chuntas sin.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Táillí is iníoctha ag údaráis áitiúla, etc., as a gcuntais a iniúchadh | | 1,930 | 2,262 | 2,120 |
| 2 | Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh i leith áitribh atá á áitiú i dtaca leis an Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005) | | 741 | 741 | 741 |
| 3 | Fáltais Met Éireann | | 10,000 | 9,837 | 9,723 |
| 4 | Fáltais Urthrá | | 2,400 | 5,759 | 7,682 |
| 5 | SOÉ | | 70 | 64 | 398 |
| 6 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | | 41,050 | 48,846 | 43,368 |
| 7 | Fáltais CFRE bearta comhshaoil INTERREG V | | 2,500 | 4,158 | 2,157 |
| 8 | Ciste na gCuntas Díomhaoin – Cur i bhFeidhm Tús Áite do Thithíocht | | 3,000 | 3,000 | 3,000 |
| 9 | Fáltais CFRE – Clár Limistéar an Atlantaigh INTERREG | | 120 | 81 | 67 |
| 10 | Fáltais CFRE – Tionscadal RAGES | | — | — | — |
| 11 | Seirbhísí agus muirir ag láithreáin na bPáirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra | | 465 | 748 | 400 |
| 12 | Cíosanna (lena n-áirítear fáltais ó chearta iascaireachta a ligean etc.) | | 90 | 175 | 78 |
| 13 | Táillí achomhairc an Bhinse Luachála | | 430 | 343 | 61 |
| 14 | Ciste na gCuntas Díomhaoin - cóiríocht don lucht siúil | | 620 | 382 | 288 |
| 15 | Fáltais MARA | | | | |
| | *Bunfhoinse* | 11,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (7,247) | 3,753 | — | — |
| 16 | Fáltais ilghnéitheacha | | 755 | 1,250 | 1,295 |
| | | | **67,924** | **77,646** | **71,378** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa nóta seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i leithreasaí i gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an leithreasú i gcabhair €2.475 milliún níos mó ná an meastachán.

**1 Táillí is iníoctha ag údaráis áitiúla, etc., as a gcuntais a iniúchadh**

*Soláthar meastacháin €1.93 milliún; réadaithe: €2.262 milliún*

Bhí an méadú €332,000 mar gheall ar éilimh níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis maidir le táillí iniúchóireachta á eisiúint agus ioncam a fuarthas in 2023.

**4 Fáltais Urthrá**

*Soláthar meastacháin €2.4 milliún; réadaithe: €5.759 milliún*

Bhí an méadú €3.359 milliún go príomha mar gheall ar riaráistí cíosa a fháil tar éis athbhreithniú ar nósanna imeachta bailithe riaráistí in 2023.

**6 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Soláthar meastacháin €41.05 milliún; réadaithe €48.846 milliún*

Bhí an t-ardú €7.796 milliún inchurtha go príomha le leibhéal méadaithe earcaíochta agus luach saothair in earnáil na n-údarás áitiúil chomh maith le cuid de ranníocaíochtaí aoisliúntais 2022 a fuarthas in 2023.

**7 Fáltais CFRE bearta comhshaoil INTERREG V**

*Soláthar meastacháin €2.5 milliún; réadaithe €4.158 milliún*

Baineann an méadú €1.658 milliún go díreach le tarraingt anuas in B.3.4, d'fhéadfadh sé sin bheith éagsúil bunaithe ar an méid a tharraingítear anuas in aon bhliain amháin.

**11 Seirbhísí agus muirir ag láithreáin na bPáirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra**

*Soláthar meastacháin €465,000; réadaithe €748,000*

Bhí an méadú €283,000 go príomha mar gheall ar ionad cuairteoirí Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha a bheith oscailte don bhliain iomlán in 2023 chomh maith le méadú i dtáillí ceadúnais agus díolacháin bheostoic i bpáirceanna eile.

**14 Ciste na gCuntas Díomhaoin - cóiríocht don lucht siúil**

*Soláthar meastacháin €620,000; réadaithe €382,000*

Baineann an t-easnamh €238,000 go príomha le deacrachtaí a bheith ag roinnt údaráis áitiúla maidir le soláthair ábhair, infhaighteacht conraitheoirí agus moilleanna i seirbhísí oiliúna a rochtain agus, mar thoradh, níor tugadh i gcrích roinnt tionscadail cuntas díomhaoin roimh dheireadh na bliana.

**15 Fáltais MARA**

*Soláthar meastacháin €11 milliún; réadaithe €nil*

Baineann an t-easnamh €11 mhilliún go príomha le fáltais MARA a fuair an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a cuireadh ar ais de dhearmad chuig an bPríomh-Chiste, agus coigeartaíodh anuas an soláthar trí mheastacháin fhorlíontacha.

**16 Fáltais ilghnéitheacha**

*Soláthar meastacháin €755,000; réadaithe €1.25 milliún*

Ardú €495,000 a bhí i gceist toisc gur deacair fáltais ilghnéitheacha a thuar go hiontaofa.

## 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | — | — |
| Aisíocaíochtaí tithíochta | 8,203 | — |
| Aisíocaíochtaí faoi Chlár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta na nÚdarás Áitiúil (SHIP) | 6,066 | 80 |
| Ranníocaíochtaí pinsin an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe | 122 | 121 |
| Fuascailt na dtionscadal a mhaoinítear faoin scéim Cúnaimh Caipitil Tithíochta Deonaí | 80 | 310 |
| Géilleadh deonach pá | 54 | 53 |
| Aisíocaíocht faoin scéim deisiúcháin agus leasúcháin | 41 | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (14,566) | (564) |
| **Iarmhéid ar 31 Nollaig** | **—** | **—** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| **Líon na mball foirne ag deireadh na bliana** | | |
| Roinn | 1,675 | 1,560 |
| Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | — | 213 |
| Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil | 109 | 107 |
| An Bord Pleanála | 241 | 197 |
| An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe | 91 | 90 |
| An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe | 156 | 133 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe | 19 | 19 |
| Oifig an Rialálaí Pleanála | 36 | 28 |
| An Ghníomhaireacht Forbartha Talún | 3 | 70 |
| An Chomhairle Oidhreachta | 26 | 25 |
| Údarás Rialála na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta | 27 | 19 |
| Uiscebhealaí Éireann | 362 | 340 |
| MARA | 23 | — |
| **Iomlán** [a] | **2,768** | **2,801** |

Tabhair faoi deara [a] Baineann líon na bhfostaithe do Ghníomhaireachtaí leis na fostaithe atá maoinithe ag an Roinn, agus ní fostaithe na Gníomhaireachta ar fad.

## 5.2 Pá – Roinn

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Tuarastal | 93,384 | 83,832 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 563 | 481 |
| Liúntais eile | 1,937 | 1,831 |
| Ragobair | 1,395 | 1,150 |
| ÁSPC an fhostóra | 8,710 | 7,562 |
| **Pá iomlán** | **105,989** | **94,856** |

## 5.2 Pá – Gníomhaireachtaí

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Tuarastal | 58,869 | 68,282 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 155 | 86 |
| Liúntais eile | 1,554 | 1,699 |
| Ragobair | 1,199 | 1,104 |
| ÁSPC an fhostóra | 5,718 | 6,395 |
| **Pá iomlán** | **67,495** | **77,566** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – Roinn [a]

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2023 € | 2022 € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 220 | 13 | 36,718 | 40,482 |
| Liúntais eile | 201 | 85 | 33,596 | 36,350 |
| Ragobair | 267 | 30 | 40,476 | 36,994 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 212 | 79 | 57,963 | 45,859 |

Tabhair faoi deara [a] Baineann na sonraí pá, liúntais agus luach saothair eile thuas le foireann na Roinne a íoctar go díreach ón Vóta faoi chláir A go F.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – gníomhaireachtaí

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2023 € | 2022 € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 29 | 5 | 15,504 | 8,000 |
| Liúntais eile | 285 | 55 | 15,467 | 18,496 |
| Ragobair | 335 | 30 | 23,213 | 27,000 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 228 | 143 | 37,629 | 38,279 |

## 5.4 Foireann na Roinne de réir banda pá

Líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a bhfuil a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear pá bunúsach, liúntais, ragobair; gan ÁSPC fostóra, costais phinsin fostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 aníos tá siad seo a leanas.

| Banda pá | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó (€)** | **Go (€)** | **2023** | **2022** |
| 20,000 | 59,999 | 963 | 946 |
| 60,000 | 69,999 | 165 | 111 |
| 70,000 | 79,999 | 149 | 167 |
| 80,000 | 89,999 | 151 | 122 |
| 90,000 | 99,999 | 73 | 54 |
| 100,000 | 109,999 | 50 | 50 |
| 110,000 | 119,999 | 45 | 24 |
| 120,000 | 129,999 | 13 | 8 |
| 130,000 | 139,999 | 2 | 4 |
| 140,000 | 149,999 | 2 | 1 |
| 150,000 | 159,999 | 2 | — |
| 160,000 | 169,999 | 6 | 6 |
| 170,000 | 179,999 | 2 | 1 |
| 180,000 | 199,999 | — | — |
| 200,000 | 209,999 | — | 1 |
| 210,000 | 219,999 | — | — |
| 220,000 | 229,999 | — | 1 |
| 230,000 | 239,999 | — | — |
| 240,000 | 249,999 | — | — |
| 250,000 | 259,999 | — | — |
| 260,000 | 269,999 | 1 | — |

## 5.5 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh fiche státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse a athfhruiliú ar bhonn táille ar chostas iomlán de €49,944. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012.

Áirítear sa chuntas sin caiteachas €175,288 i leith triúr oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn do 2023 ar fad nó do chuid de 2023 agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| ar 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2023**<br>**€** | **2022**<br>**€** |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 58 | 138,531 | 124,139 |
| Pleananna téarnaimh i bhfeidhm | 9 | 43,700 | 12,034 |

## 5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair incháinithe an Oifigigh Chuntasaíochta don bhliain airgeadais:

| | **2023**<br>**€000** | **2022**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Bunphá | 261 [a] | 224 |
| | **261** | **224** |

Tabhair faoi deara

[a] Áirítear riaráistí €19,000.

Níl luach na sochar scoir a thuilltear sa tréimhse san áireamh thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina bhall de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair 2013, agus ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime sin.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí deireadh 2023 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| An Binse Fiosrúcháin i dtaobh nithe pleanála áirithe agus íocaíochtaí áirithe [a] | 1997 | 142,695 | 31 | 1,364 |
| **Coimisiúin cuspóra sheasta** | | | | |
| Coimisiún Tithíochta [b] | 2021 | 2,206 | 1,947 | 259 |
| | | **144,901** | **1,978** | **1,623** |

Tabhair faoi deara

[a] Beidh íocaíochtaí breise bainteach leis an mBinse. Ní féidir costais deiridh a chinneadh ag an bpointe seo go dtí go gcinnfear costais dlí tríú páirtí i leith na tréimhse ó 2002. Ar bhonn meastachán caiteachais go dtí deireadh 2024, d’fhéadfadh costais bhreise de thart ar €1.5 milliún teacht chun cinn, a bhaineann go príomha le hionadaíocht dhlíthiúil tríú páirtí.

[b] I gcomhréir leis na gealltanais i *gClár an Rialtais* agus i *dTithíocht do Chách*: Bhunaigh an Rialtas *Plean Nua Tithíochta d’Éirinn* i mí na Nollag 2021 chun scrúdú agus athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar an gcóras tithíochta in Éirinn. Clúdaíonn téarmaí tagartha an Choimisiúin réimse leathan saincheisteanna a bhaineann le tithíocht, ceann acu ná breithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna casta bunreachtúla a thagann chun cinn sa réimse sin agus foclaíocht chuí a mholadh le haghaidh reifreann ar thithíocht. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún a chuid oibre a thabhairt chun críche faoi dheireadh ráithe a dó de 2024.

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d’íoc an Roinn sa bhliain [a]**

| | Éilimh ag | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **baill den phobal** | **Fíneálach a an AE** | **Iomlán 2023** | **Iomlán 2022** |
| Líon na gcásanna | - | 17 | 1 | 18 | 14 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | — | — | — | — | **241** |
| Fíneálacha an AE [b] | — | — | 1,245 | 1,245 | 2,760 |
| Íocaíochtaí ag/thar ceann na Roinne | | | | | |
| Cúiteamh | — | 164 | — | 164 | 9 |
| Costais dlí | — | 2,994 | — | 2,994 | — |
| Costais dlí eile | — | 23 | — | 23 | 8 |
| **Iomlán** | **—** | **3,181** | **1,245** | **4,426** | **3,018** |
| **2022 Iomlán** | **27** | **231** | **2,760** | **3,018** | **—** |

Tabhair faoi deara

[a] Ar 31 Nollaig 2023, tá sé curtha san áireamh ag an Roinn i gcreidiúnaithe eile atá dlite, agus is é €96,862 na costais dlí iomlána amuigh atá dlite don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

[b] Fíneálacha an AE Feirm Ghaoithe Dharaidh Braoin:

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh Cás C261/18- Bhí gá mar thoradh ar an gCoimisiún v Éire (Feirm Ghaoithe Daraidh Bhraoin) le measúnacht tionchair timpeallachta chúlghabhálach a dhéanamh maidir le toiliú don fhorbairt roimh ré arna deonú don fheirm. Dhiúltaigh an Bord Pleanála don iarratas ar an Aoine 4 Feabhra 2022, agus chinn BSL ina dhiaidh sin an fheirm ghaoithe a dhíchoimisiúnú. Léiríonn comhfhreagras ón gCoimisiún a fuarthas an 1 Feabhra 2023 go bhfuil téarmaí an bhreithiúnais comhlíonta ag Éirinn anois agus go gcuirfear deireadh le fíneálacha laethúla atá á gcur i bhfeidhm i gcoinne an Stáit. Íocadh an tráthchuid deiridh €1.245 milliún d’fhíneálacha laethúla a chlúdaíonn an tréimhse 13 Samhain 2021 agus an 4 Feabhra 2022 leis an gCoimisiún Eorpach an 8 Márta 2023. Fágann sin gur íocadh an tsuim iomlán go €17,226,000.

**Costais charnacha na gcásanna a tugadh chun críche in 2023**

| | **Éilimh ag baill den phobal** | **Iomlán** |
|---|---|---|
| Líon na gcásanna | 8 | 8 |
| | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | — | — |
| Fíneálacha an AE | — | — |
| Cúiteamh | 100 | 100 |
| Costais dlí | 1,859 | 1,859 |
| **Iomlán** | **1,959** | **1,959** |

## 6.3 Ús ar íocaíocht dhéanach

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis agus cúitimh | **14,522** | **10,149** |

## 6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | | 2023 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Cur síos fo-cheannteidil** | | | | |
| A.9 | Áiseanna pobail | 500 | 246 | 78 |
| A.18 | Deontais do thithíocht phríobháideach | 4,849 | 4,849 | 6,209 |
| F.3 | An Chomhairle Oidhreachta | 14,341 | 14,341 | 11,445 |
| | | **19,690** | **19,436** | **17,732** |

Tá na híocaíochtaí sin páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta, agus tá sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag https://www.gov.ie/en/collection/129d3-national-lottery-funding/

## 6.5 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Áirítear leis an olltoradh a thaispeántar i bhFotheideal B.3 agus B.8 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí atá Comhmhaoinithe ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Seo a leanas na meastacháin ar chaiteachas agus ar na holltorthaí iarbhír.

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Cur síos fo-cheannteidil** | | | | |
| B.3 | Clár cáilíochta uisce | 5,262 | 3,902 | 2,176 |
| B.8 | Timpeallacht mhuirí | 75 | 30 | 30 |

## 6.6 Díscríbhinní

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Urthrá – táillí | 12,609 | — |

## 6.7 Calaois agus calaois amhrasta

Tá an Roinn ar an eolas faoi chalaois líomhnaithe a bhaineann le húdarás áitiúil a bhaineann le híocaíochtaí chun seirbhísí uisce a sholáthar. Tá an cás seo á fhiosrú ag an nGarda Síochána agus tá an Roinn ag fanacht le toradh an imscrúdaithe.

## 6.8 Géilleadh iarchurtha

Is éard atá i gceist le géilleadh iarchurtha coigilteas €141 milliún i gcaiteachas caipitil in 2023 sna fotheidil seo a leanas a tugadh anonn go dtí 2024.

| | | **€000** |
|---|---|---|
| *v* | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 6,901 |
| *vi* | Costais áitribh oifige | 1,340 |
| A.3 | Tithíocht údaráis áitiúil | 36,021 |
| A.7 | Scéim Cúnaimh Caipitil | 11,089 |
| A.9 | Áiseanna pobail | 255 |
| A.10 | Morgáiste go cíos | 1,576 |
| A.11 | Saoráid Airleacain Caipitil & Léasaithe | 10,500 |
| A.12 | Cóiríocht agus tacaíocht do Thaistealaithe | 2 |
| A.14 | Tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine aosta | 328 |
| A.15 | Athghiniúint agus athchóiriú eastáit | 2,808 |
| A.16 | Éifeachtúlacht fuinnimh – iarfheistiú | 10,079 |
| A.17 | An Scéim Deisiúcháin agus léasúcháin | 939 |
| A.18 | Deontais do thithíocht phríobháideach | 10 |
| A.19 | Liúntais mhorgáiste | 37 |
| A.21 | CBÁSTG | 6 |
| A.22 | Leasúchán tithe lochtacha – airgeadteoranta | 9 |
| A.28 | Iasacht ar chothromas tí de réir costais | 20,387 |
| A.29 | DPGanna/feabhsúcháin/ feabhais | 5,002 |
| A.31 | Ciste Tithíochta Inacmhainne | 241 |
| A.32 | Ciste Croí Cónaithe | 2,073 |
| A.33 | Clár Tithíochta Sóisialta CPP | 8,096 |
| B.3 | Clár cáilíochta uisce | 161 |
| B.4 | Clár Uisce Tuaithe | 3,146 |
| B.7 | Saincheisteanna oidhreachta comhshaoil uisce | 1,587 |
| B.8 | Timpeallacht mhuirí | 436 |
| C.4 | Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | 44 |
| C.5 | Toghchóras | 215 |
| C.6 | An Binse Luachála | 225 |
| C.7 | Ciste Forbartha Údaráis Áitúil an Oileáin Chomhroinnte | 1,672 |
| C.8 | Seirbhísí eile | 2 |
| D.9 | Athnuachan/athbheochan uirbeach | 66 |
| D.11 | An Ghníomhaireacht Forbartha Talún | 4,096 |
| E.4 | Seirbhís réamhaisnéise agus rabhaidh tuile | 5,874 |
| F.4 | Oidhreacht thógtha | 943 |
| F.5 | Oidhreacht náisiúnta (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | 202 |
| F.7 | Scéim Infheistíochta maidir le hOidhreacht Thógtha | 84 |

| | | |
|---|---|---|
| F.8 | Athchóiriú, caomhnú agus bainistiú tailte portaigh | 4,450 |
| F.10 | Tionscadail straitéiseacha oidhreachta tógtha | 98 |
| | | **141,000** |

## Nóta 7 Iarmhéideanna Ciste

### 7.1 Cuntas an Chiste Forbartha Uirbí

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 1,428 | 6,683 |
| Admhálacha | 18,844 | — |
| Caiteachas don bhliain | (5,369) | (5,255) |
| | **14,903** | **1,428** |

Is clár de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) é an Ciste Forbraíochta Uirbí chun tacú le tionscnaimh chomhtháite athghiniúna i lárionaid uirbeacha ainmnithe. Tá an scéim á hoibriú ag tionóil réigiúnacha ar údaráis bhainistíochta iad atá freagrach as caiteachas incháilithe ar thionscadail fhaofa a fhíorú. Cuireann an Roinn cistí ar fáil (ar threoir ón údarás bainistíochta agus faoi réir fhíorú an údaráis bhainistíochta) chun aisíocaíocht a dhéanamh le húdaráis áitiúla ar bhonn maoinithe meaitseála. Breithníodh iarratais ar incháilitheacht faoin gCiste i mí na Nollag 2015 agus reáchtáladh an clár don tréimhse go dtí deireadh 2020. Leanfar le híocaíochtaí faoin gclár sa chéad leath de 2024. Léiríonn an t-iarmhéid sa Chiste réamh-mhaoiniú a cuireadh ar fáil ó CFRE go dtí go bhfaighfear éilimh fhíoraithe i leith na dtionscadal lena mbaineann.

## 7.2 Ciste Fáltas Imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 67,754 | 68,070 |
| Costais neamh-in-aisghabhála [a] | (105) | (363) |
| Ús a tuilleadh | 338 | 44 |
| Ioncam cíosa | — | 3 |
| **Iarmhéid deiridh ar 31 Nollaig [b]** | **67,987** | **67,754** |

Tabhair faoi deara

[a] Tá costais áirithe a thabhaíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta (HA) amhail táillí dlí agus gairmiúla agus costais éadála tithíochta eile neamh-inghnóthaithe agus, dá bhrí sin, laghdaíonn siad iarmhéid foriomlán an Chiste.

[b] Athraíodh cuspóir an iarmhéid €40.05 milliún sin i leith scéimeanna Tús Áite do Thithíocht agus Cíosa de réir Costais Tionónta in Situ.

Is ciste imrothlach é Ciste Éadálacha na Gníomhaireachta Tithíochta (HAA) a bunaíodh le héifeacht ón 1 Eanáir 2017 agus é mar chuspóir aige réadmhaoin fholamh a fháil ó bhainc, infheisteoirí agus ón margadh oscailte (go príomha le haghaidh réadmhaoin Tús Áite do Thithíocht) i gceantair ina bhfuil leibhéil arda éilimh ar thithíocht shóisialta thar an tréimhse go dtí 2021. Dhíol an Ghníomhaireacht na tithe, ar a gcostas, le comhlachtaí ceadaithe tithíochta chun an Ciste a athlánú.

Faoin ngealltanas i *dTithíocht do Chách*, tugadh athbhreithniú ar chiste an HAA chun críche in 2022. Rinne an t-athbhreithniú sin imscrúdú ar na dúshláin a bhí roimh an gCiste, agus ba é an ceann ba shuntasaí díobh ná infhaighteacht laghdaithe aonad oiriúnach ó bhainc agus ó chistí cothromais. Bhí sé sin go príomha mar gheall ar dhíol iasachtaí neamhthuillmheacha le heintitis neamhbhaincéireachta agus athruithe ar an gcaoi a rabhthas ag déileáil le hiasachtaí neamhthuillmheacha. Rinneadh iniúchadh san athbhreithniú freisin ar dheiseanna a bhí dírithe ar an gciste a athdhéanamh chun tacú le tionscnaimh eile laistigh de *Thithíocht do Chách*, go háirithe d’iarratasóirí ar thithíocht shóisialta atá gan dídean. Le linn 2023 agus go luath in 2024, d’aimsigh an Roinn an ceadú ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe chun athearraíocht a bhaint as an gciste le haghaidh scéimeanna Tús Áite do Thithíocht agus Cíosa de réir Costais Tionónta in Situ.

## 7.3 Ciste Fála Talún

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 125,000 | — |
| Aistriú chuig an gciste | 114,000 | 125,000 |
| Caiteachas don bhliain | (31,485) | — |
| Ús a tuilleadh | 1,203 | — |
| **Iarmhéid deiridh ar an 31 Nollaig** | **208,718** | **125,000** |

Bunaíodh an Ciste Fála Talún i mí na Nollag 2022. Luaigh athbhreithniú ar thalamh a bhí ar fáil d'údaráis áitiúla a cuireadh i gcrích in 2022, go raibh ganntanas talún ar fáil chun spriocanna tógála tithíochta sóisialta de chuid *Tithíocht do Chách* a bhaint amach. Bunaíodh an ciste chun ceannach talún a éascú thar ceann na n-údarás áitiúil, chun a chinntiú go bhfuil na bainc thalún riachtanacha ar fáil chun spriocanna seachadta a bhaint amach. Déanann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faireachán ar bhainistiú an chiste, agus tá an Ghníomhaireacht Tithíochta freagrach as feidhmiú laethúil an chiste, lena n-áirítear bainistiú airgeadais, an próiseas éadála agus aistriú ar aghaidh talún a fuarthas chuig na húdaráis áitiúla.

Leithdháileadh €125 milliún chuig an nGníomhaireacht Tithíochta i mí na Nollag 2022 chun an ciste a bhunú. I mí na Samhna 2023, cuireadh síneadh leis an gCiste go dtí 2024, agus leathnaíodh a shainchúram chun suíomhanna a fháil do sheachadadh tithíochta incheannaithe agus tionachta measctha. Aistríodh €114 milliún chuig an nGníomhaireacht Tithíochta i mí na Nollag 2023.

Faoi dheireadh 2023, ceadaíodh 46 iarratas san iomlán chuig an gCiste agus 11 fháltas curtha i gcrích faoi 31 Nollaig 2023.